



## TOMHALTAS AGUS TÁIRGEADH INBHUANAITHE

Tá fás inbhuanaithe ar cheann de phríomhchuspóirí an Aontais Eorpaigh. De bharr ganntanas domhanda foinsí nádúrtha, tá 'níos mó a dhéanamh le níos lú' ar an bpríomhdhúshlán do tháirgeoirí agus tomhaltóirí. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, thug AE isteach réimse leathan beartas agus tionscnamh lena ndírítear ar thomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe. Leis na beartais agus tionscnaimh sin, ba cheart go gcuirfí feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil iomlán na dtáirgí ar feadh a saolré, go spreagfaí éileamh ar tháirgí níos fearr agus teicneolaíochtaí táirgthe, agus go gcuideofaí le tomhaltóirí roghanna eolacha a dhéanamh.

### BUNÚS DLÍ

Airteagal 191 go hAirteagal 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

### A BHFUIL BAINTE AMACH

#### A. An Plean Gníomhaíochta um Thomhaltas agus um Tháirgeadh Inbhuanaithe

I mí Iúil 2008, mhol an Coimisiún pacáiste beart agus tograí maidir le Thomhaltas agus Táirgeadh Inbhuanaithe (SCP) agus le Beartas Tionsclaíoch Inbhuanaithe (SIP) ([COM\(2008\) 0397](#)) a raibh sé mar aidhm leo feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil táirgí ar feadh a saolré, chun feasacht agus éileamh tomhaltóirí ar tháirgí níos fearr agus teicneolaíochtaí táirgthe a mhéadú, chun nuálaíocht i dtionscal AE a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe idirnáisiúnta. Déanann na tograí sin forbairt agus comhlánú ar bheartais AE atá cheana ann, amhail Beartas Comhtháite um Tháirgí (IPP), arb é an chéad cheann é lenar tugadh isteach Smaointeoireacht Saolré (LCT) go hoifigiúil i mbeartais Eorpacha. Is é is aidhm do LCT feabhais ionchasacha ar earraí agus ar sheirbhísí a shainaithint, ar feabhais iad lena ndéanfaí iarmhairtí comhshaoil a ísliú agus úsáid acmhainní a laghdú ag gach céim de shaolré táirge nó seirbhíse (amhábhair/slabhraí soláthar/úsáid táirge/deireadh ré: éifeachtaí diúscairtha agus féidearthachtaí athúsáide nó athchúrsála). Tháinig roinnt tionscnamh as an bPlean Gníomhaíochta um Thomhaltas agus um Tháirgíocht Inbhuanaithe sna réimsí seo a leanas: síneadh a chur leis an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht, athbhreithniú ar Rialachán an Éicilipéid, reachtaíocht maidir le soláthar poiblí glas, an Treochlár maidir le bheith Tíosach ar Acmhainní, agus an Plean Gníomhaíochta Éiceanuálaíochta (féach thíos).

Tá na hionstraimí sin ina gcuid dhílis de Straitéis athnuaite AE um Fhorbraíocht Inbhuanaithe (AE SDS), lena n-athdhearbhaíodh ina hathbhreithniú in 2009 tiomantas seanbhuanaithe AE chun dul i ngleic le dúshlán na forbraíochta inbhuanaithe, agus



san am céanna lenar tugadh aitheantas don tábhacht a bhaineann le comhar le comhpháirtithe lasmuigh d'AE a neartú, trí Phróiseas Marrakech na Náisiún Aontaithe, mar shampla.

## **B. Treochlár d'Eoraip atá Tíosach ar Acmhainní**

Tar éis an tionscnaimh shuaitheanta de chuid Eoraip 2020 maidir le héifeachtúlacht acmhainní, ina n-éilítear straitéis chun cuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha i ndáil le héifeachtúlacht acmhainní a shainaithint agus na modhanna lena mbainfí amach iad, seoladh in 2011 an Treochlár d'Eoraip atá Tíosach ar Acmhainní. Moltar ann slite chun táirgiúlacht acmhainní a mhéadú agus fás eacnamaíoch a dhíchlupláil ó úsáid acmhainní agus a thionchar ar an gcomhshaol (Féach freisin an Bhileog Eolais [2.5.6](#), maidir le hÉifeachtúlacht acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach).

## **C. Éicilipéadú agus lipéadú fuinnimh**

Trí lipéadú, cuirtear faisnéis ríthábhachtach ar fáil lena gcumasaítear do thomhaltóirí roghanna eolacha a dhéanamh. Is scéim dheonach é an tÉicilipéad Eorpach a bunaíodh in 1992 d'fhonn gnólachtaí a spreagadh chun margaíocht a dhéanamh ar tháirgí agus seirbhísí a chomhlíonann critéir chomhshaoil áirithe. Is é Bord AE um Éicilipéadú (EUEB) a shocraíonn na critéir agus a dhéanann athbhreithniú orthu, agus tá sé freagrach freisin as ceanglais mheasúnaithe agus fíoraithe lena mbaineann. Foilsítear iad in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Bíonn lógó an bhlátha ar tháirgí agus seirbhísí ar bronnadh an tÉicilipéad orthu, rud a chumasaíonn do thomhaltóirí — lena n-áirítear ceannaitheoirí poiblí agus príobháideacha — iad a aithint go héasca. Go dtí seo, bronnadh an lipéad sin ar tháirgí glantacháin, fearais, táirgí páipéir, éadaí, táirgí baile agus gairdín, bealaí agus seirbhísí amhail lóistín do thurasóirí. Níl critéir an Éicilipéid bunaithe ar thoisic áirithe amháin, ach ar staidéir ina ndéantar anailís ar thionchar táirge nó seirbhíse ar an gcomhshaol ar feadh a shaolré nó saolré. San athbhreithniú ar Rialachán an Éicilipéid ((CE Uimh. 66/2010) a rinneadh in 2008, díriodh ar úsáid scéim dheonach an Éicilipéid a chur chun cinn trí laghdú a dhéanamh ar chostais agus maorlathas chur i bhfeidhm na rialacha.

An 30 Meitheamh 2017, rinne an Coimisiún conclúidí a mheastóireachta ('seiceáil Oiriúnachta') maidir le Rialachán an Éicilipéid a chur i láthair. De réir na meastóireachta, tá an rialachán ábhartha agus comhleanúnach den chuid is mó agus tá breisluach AE leis. Baineadh de tháthar inti freisin, áfach, go bhfuil an rialachán éifeachtach i bpáirt (toisc go gcumasaítear leis feidhmíocht feabhsaithe don chomhshaoil do tháirgí ag a bhfuil an lipéad, ach b'fhéidir nach bhfuil na critéir leordhóthanach agus tá glacadh íseal leis fós i gcás cineálacha áirithe táirgí) agus go bhfuil an rialachán tíosach i bpáirt (toisc go bhféadfadh na costais ar chomhlíonadh a bheith ina mbac ar rannpháirtíocht i gcásanna áirithe). Le Treoir 92/75/CEE, tugadh isteach scéim uile-Aontais um lipéadú fuinnimh le haghaidh fearais tí (earraí bána), faoina gcuirtear tomhaltóirí féideartha ar an eolas, trí lipéid agus trí fhaisnéis i mbróisiúir táirgí, faoi rátaí ídithe fuinnimh gach leagan atá ar fáil. Ó tugadh isteach é in 1995, tá aitheantas agus meas forleathan ar Lipéad Fuinnimh an Aontais Eorpaigh mar threoir do mhonaróirí agus tomhaltóirí. I mí an Mheithimh 2010, rinneadh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Lipéadú i ndáil le Fuinneamh (2010/30/EC) chun a raon feidhme a leathnú chuig réimse níos leithne táirgí, lena n-áirítear táirgí fuinneamh-úsáidte agus táirgí eile a bhaineann le fuinneamh.



An 15 Iúil 2015, mhol an Coimisiún go bhfillfí ar scála aonair lipéadaithe 'A go G'. Cruthaíodh ceanglais nua maidir le lipéadú fuinnimh do ghrúpaí táirgí aonair faoi Rialachán (AE) 2017/1369 an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE. Go nithiúil, ón mbliain 2021 ar aghaidh, déanfar 'athscálú' ar chúig ghrúpa táirgí (cuisneoirí, miasniteoirí, meaisíní níochnáin, teilifíseáin agus lampaí): mar shampla, táirge ag a bhfuil aicmiúchán A+++ i dtaca le héifeachtacht fuinnimh, beidh aicmiúchán B aige i ndiaidh an athscálaithe, gan aon athrú ina ídiú fuinnimh. Beidh aicmiúchán A folamh ag an tús chun go bhféadfadh samhlacha níos tíosaí ar fhuinneamh teacht chun cinn. Leis sin, cuirfear de chumas ar thomhaltóirí idirdhealú níos soiléirí a dhéanamh idir na táirgí is tíosaí ar fhuinneamh.

#### **D. Éicidhearthóireacht**

Leis an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht, déantar feabhas teicniúil na dtáirgí a áirithiú. Le Treoir 2005/32/CE, bunaítear creat do leagan amach na gceanglas éicidhearthóireachta is infheidhme do tháirgí a úsáideann fuinneamh (EuP), lena leasaítear Treoir 92/42/CEE, Treoir 96/57/CE agus Treoir 2000/55/CE maidir le ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh do tháirgí amhail coirí, ríomhairí agus teilifíseáin. Idir an dá linn, tá roinnt beart cur chun feidhme do Threoir 2005 glactha ag an gCoimisiún faoi nós imeachta coisteolaíochta. Leathnaíodh raon feidhme Threoir 2005, le hathbhreithniú 2009 (Treoir 2009/125/CE), chuig táirgí a bhaineann le fuinneamh nach táirgí iad a úsáideann fuinneamh; is táirgí iad seo nach n-ídiúnn fuinneamh le linn a n-úsáide ach a bhfuil tionchar díreach acu ar ídiú fuinnimh, amhail gléasanna a úsáideann uisce, fuinneoga agus ábhar inslithe. In 2012, d'fhoilsigh an Coimisiún athbhreithniú ar Threoir 2009/125/CE ina raibh sé mar chonclúid ann nach raibh aon ghá le hathbhreithniú láithreach ar an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht nó lena raon feidhme a leathnú chuig táirgí nach mbaineann le fuinneamh.

#### **E. Éiceabhainistíocht agus Éiciniúcháireacht (EMAS)**

**F.** Is uirlis bhainistithe í an Scéim um Éiceabhainistíocht agus Éiciniúcháireacht (EMAS) lena gcumasaítear do chuideachtaí agus d'eagraíochtaí eile meastóireacht a dhéanamh, tuairisc a thabhairt agus feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht chomhshaoil. Tá an scéim ar fáil do chuideachtaí ó 1995, ach ar dtús ní raibh sé ar fáil ach dóibh siúd in earnálacha tionsclaíochta. Ó 2001, áfach, tá EMAS ar fáil do gach earnáil eacnamaíoch, lena n-áirítear seirbhísí poiblí agus príobháideacha. In 2009, rinneadh athbhreithniú ar Rialachán EMAS ((CE) Uimh. 1221/2009) agus modhnaíodh é agus é mar aidhm leis sin eagraíochtaí a spreagadh tuilleadh chun clárú le EMAS. Leis an athbhreithniú sin ar Rialachán EMAS, cuireadh feabhas ar infheidhmeacht agus creidiúnacht na scéime agus neartaíodh a hinfheictheacht agus a for-rochtain. In 2017, leasaíodh larscríbhinní I, II agus III de Rialachán EMAS chun na hathruithe a bhaineann leis an athbhreithniú ar chaighdeán ISO 14001:2015 a chur san áireamh. Tháinig Rialachán (AE) 2017/1505 lena leasaítear na hiarscríbhinní sin i bhfeidhm an 18 Meán Fómhair 2017. Soláthar Poiblí Glas (SPG)

Is beartas deonach é Soláthar Poiblí Glas (SPG) lena dtacaítear le húdaráis phoiblí agus iad ag ceannach táirgí, seirbhísí agus oibreacha a mbeidh tionchar laghdaithe comhshaoil acu. Le blianta beaga anuas, tá coincheap SPG aitheanta mar uirlis úsáideach chun an margadh a spreagadh i dtreo táirgí agus seirbhísí glasa agus



chun iarmhairtí comhshaoil ó ghníomhaíochtaí na n-údarás poiblí a laghdú. Is trí Phleananna Gníomhaíochta Naisiúnta (NAPanna) a dhéanann na Ballstáit SPG a chur chun feidhme. Ba iad dhá Threoir maidir le soláthar poiblí, ar glacadh iad in 2004 (Treoir 2004/18/CE agus Treoir 2004/17/CE) na chéad chinn ina raibh tagairtí sonracha don fhéidearthacht breithnithe comhshaoil a ionchorprú isteach i bpróiseas conradh a dhámhachtain, trí cheanglais chomhshaoil a chuimsiú i sonraíochtaí teicniúla, éicilipéid a úsáid, nó critéir dhámhachtana bunaithe ar ghnéithe comhshaoil a chur i bhfeidhm, mar shampla. Leis na trí Threoir a glacadh i mí Feabhra 2014 mar chuid d'athchóiriú soláthair phoiblí faoin nGníomh um an Margadh Aonair — Treoir 2014/24/AE (an Treoir Chlásaiceach), Treoir 2014/25/AE (an Treoir maidir le Fóntais) agus Treoir 2014/23/AE (an Treoir maidir le Lamháltais) — déanfar na nósanna imeachta a shimpliú trí fheabhas a chur ar choinníollacha nuála do ghnólachtaí agus úsáid níos forleithne soláthair phoiblí ghlais a chur chun cinn agus, dá réir sin tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní.

In 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht darb ainm 'Soláthar poiblí ar mhaithe le comhshaoil níos fearr' (([COM\(2008\) 0400](#)), ina leagadh amach roinnt beart a bhí le glacadh chun tacú le cur chun feidhme SPG ag na Ballstáit agus ag eintitis chonartha aonair. Mar thoradh air sin, forbraíodh critéir SPG mar chuid den chur chuige deonach i ndáil le SPG. Go dtí seo, foilsíodh 21 tacar critéir i gcomhair earnálacha áirithe, amhail iompar, trealamh TF oifige, tairgí agus seirbhísí glantacháin, tógáil, insliú teirmeach, agus tairgí agus seirbhísí garraíodóireachta.

#### **G. Plean Gníomhaíochta Éiceanuálaíochta (EcoAP)**

Sheol an Coimisiún EcoAP i mí Nollag 2011 agus tagann sé i gcomharbacht ar an bPlean Gníomhaíochta do Theicneolaíochtaí Comhshaoil (PGTC) ([COM\(2004\) 0038](#)), agus cuirtear an taithí a fuarthas ó PGTC leis an bplean sin. Díróidh le PGTC borradh a chur faoi fhorbairt agus úsáid teicneolaíochtaí comhshaoil agus iomaíochas Eorpach a fheabhsú sa réimse sin.

Baineann EcoAP go príomha le tionscnamh suaitheanta an Aontais Nuálaíochta de chuid na straitéise Eoraip 2020. Tá sé beartaithe fócas na mbeartas nuálaíochta a leathnú i dtreo teicneolaíochtaí glasa agus éiceanuálaíochta, agus chun béim a leagan ar ról beartais chomhshaoil mar ghné den fhás eacnamaíoch. Díritear leis freisin ar bhacainní agus deiseanna éiceanuálaíochta áirithe — go háirithe iad sin nach bhfuil clúdaithe ag beartais nuálaíochta níos ginearálta.

Is creat beartais leathan é EcoAP agus féadfar é a mhaoiniú ó fhoinsí éagsúla. Ó 2014 go 2020, beidh Fís 2020 ina phríomhfhoinse tacaíochta. I measc na bhfoinsí eile tá Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Clár LIFE maidir leis an gcomhshaoil agus le gníomhú ar son na haeráide, an Clár le haghaidh Iomaíochais fiontar agus FBManna (COSME) agus an Comhbheartas Talmhaíochta. Tiocfaidh cuid shuntasach den mhaoiniú atá ar fáil do ghnólachtaí éiceanuálaíochta ó uirlisí airgeadais nua arna bhforbairt ag an gCoimisiún chun saoráidí fiachais agus cothromais a chur ar fáil dóibh.

Le blianta beaga anuas, tháinig go leor de spriocanna EcoAP le chéile maidir le coincheap an gheilleagair chiorclaigh - is é sin, geilleagar a fhoghlaimíonn ón nádúr sa chaoi nach gcuirtear aon rud amú ann. Tá éiceanuálaíocht ríthábhachtach chun go leor



gnéithe den gheilleagar ciorclach a bhaint amach: ab tsiombóis thionsclaíoch, dearadh ó chliabhán go cliabhán agus samhlacha nua nuálacha gnó, etc. (Féach freisin an Bhileog Eolais [2.5.6](#), maidir le hÉifeachtúlacht acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach)

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá sé curtha in iúl go minic ag an bParlaimint go bhfuil tacaíocht aici don Phlean Gníomhaíochta um Thomhaltas agus um Tháirgíocht Inbhuanaithe agus dá chomhpháirteanna. Le linn athbhreithniú 2009 ar an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht, d'éirigh leis an bParlaimint coincheap an mheasúnaithe saolré a neartú, agus go háirithe an nóisean i dtaobh éifeachtúlacht acmhainní agus ábhar. D'éirigh leis an bParlaimint freisin forálacha mionsonraithe maidir le frontair bheaga agus mheánmhéide agus faisnéis do thomhaltóirí a chur isteach. Tacaíonn an Parlaimint freisin go láidir le leathnú raon feidhme na Treorach chun táirgí a bhaineann le fuinneamh a chur isteach.

Tá ról suntasach glactha ag an bParlaimint i bhforálacha a thabhairt isteach i ndiaidh a chéile lena gceadaítear soláthar níos glaise i dTreoracha maidir le soláthar poiblí. San athbhreithniú deireanach ar na Treoracha maidir le soláthar poiblí a glacadh in 2014, thug an Parlaimint tacaíocht, *inter alia*, do thabhairt isteach an chritéir nua maidir leis an 'tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch' (MEAT) i nós imeachta na dámhachtana. Leis sin, cumasófar d'údarais phoiblí tuilleadh béime a leagan ar bhreithnithe ó thaobh cáilíochta agus an chomhshaoil de, agus ar ghnéithe sóisialta agus nuálaíochta, agus san am céanna praghas agus costais saolré an méid a soláthraíodh á gcur san áireamh.

An 24 Eanáir 2006, shínigh an Parlaimint Ráiteas EMAS inar thug sí gealltanais go n-áiritheodh sí go mbeadh a gníomhaíochtaí comhleanúnach le dea-chleachtas i mbainistiú comhshaoil. In 2007, d'éirigh léi Deimhniú ISO 14001.2004 a bhaint amach agus cláraíodh le EMAS í. Déanann an Parlaimint soláthar poiblí glas a chur i bhfeidhm freisin.

Chuir an Parlaimint fáilte roimh EcoAP ina Rún an 17 Deireadh Fómhair 2013. Leag an Parlaimint béim ar éifeachtaí sineirge ionchasacha na héiceanuálaíochta i leith cruthú post ar bhonn inbhuanaithe, cosaint chomhshaoil agus an laghdú ar spleáchas eacnamaíoch. Sa bhreis air sin, leagadh béim sa Rún ar ghné beartais trasearnála na héiceanuálaíochta agus ar an ngá le héiceanuálaíochta a phríomhshruthú i ngach réimse beartais. Sa chomhthéacs sin, chuir an Parlaimint fáilte roimh fhéidearthachtaí maidir le cistiú éiceanuálaíochta faoi Fhís 2020, COSME, LIFE agus an comhbheartas talmhaíochta, agus leag sí béim ar ról ionstraimí airgeadais de chuid AE atá ag teacht chun cinn mar mheáin do na tionscnaimh shuaitheanta 'an tAontas Nuálaíochta' agus 'an Eoraip atá Tíosach ar Acmhainní' faoin straitéis Eoraip 2020.

Le linn na gcaibidlíochtaí ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, d'iarr an Parlaimint go mbeadh méadú ar bhuiséad fadtéarmach an Aontais i bhfianaise na spriocanna uailmhianacha atá leagtha amach sa straitéis Eoraip 2020 i gcomhair fás inbhuanaithe agus post. Le linn na gcaibidlíochtaí ar chlár ar leith, d'éirigh leis an bParlaimint éiceanuálaíocht a chur leis na tosaíochtaí infheistíochta is incháilithe do mhaoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.



Ghlac an Pharlaimint rún reachtach an 13 Meitheamh 2017 maidir le lipéadú fuinnimh d'earraí tí a shimpliú go scála A go G, lena gcumasófar do thomhaltóirí táirgí a roghnú a laghdódh ídiú fuinnimh agus a mbillí fuinnimh.

Ina rún an 4 Iúil 2017 maidir le saolré níos faide do tháirgí: leasanna do thomhaltóirí agus gnólachtaí, d'iarr an Parlaimint ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an bhfaisnéis faoi marthanacht táirgí trí bhreathnú ar lipéad Eorpach deonach a sheoladh, lena gcumhdaítear, go háirithe, marthanacht an táirge, gnéithe éicidhearthóireachta, in-uasghrádaitheacht i gcomhréir leis an dul chun cinn teicniúil agus indeisitheacht.

I mí an Mheithimh 2017, d'fhoilsigh an Pharlaimint staidéar maidir le SPG, ina ndéantar iniúchadh ar úsáid reatha SPG agus deiseanna SPG in AE, sa chomhthéacs sin agus mar obair leanúnach ar phlean gníomhaíochta AE don gheilleagar ciorclach ón gCoimisiún. Rinne an staidéar leasanna comhshaoil do na saoránaigh a shainaitheint, mar aon le gnóthachain don fhostaíocht agus don gheilleagar foriomlán ar an leibhéal Eorpach. Is é is cúis leis sin go mbaineann an earnáil phoiblí le níos mó ná 25 % den fhostaíocht iomlán i dtíortha Eorpacha. Gach bliain, caitheann níos mó ná 250 000 údarás poiblí in AE thart ar 14 % de OTI ar sheirbhísí, saothair agus soláthair a cheannach. Trína mbeartas soláthair, féadfaidh údaráis poiblí rannchuidiú go mór leis an ngeilleagar ciorclach trí tháirgí agus fuinneamh atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil a sholáthar, trí úsáid agus athúsáid fheidhmiúil a fheabhsú, agus trí athchúrsáil ardluacha a spreagadh.

Georgios Amanatidis  
05/2019

